


Athbhreithniú Bliantúil 2004
Bhord Seirbhísí Óige Chathair Bhaile Átha Cliath (CDYSB)



04

Gluais Téarmaí

CDVEC – City of Dublin Vocational Education Committee

CDYSB – City of Dublin Youth Services Board

CYS – Cabra Youth Service

CSUP – Cabra Step Up Service

D.A.Y.S. – Donore Avenue Youth Service

DBYP – Darndale Belcamp Youth Project

DCC – Dublin City Council

DkIT – Dundalk Institute of Technology

D12RYS – Dublin 12 Regional Youth Service

FYDP – Finglas Youth Development Project

HETAC – Higher Education and Training Awards Council

NYCI – National Youth Council of Ireland

SEIF – Siondróm Easnaimh Imdhíonachta Faighte (AIDS)

VEID – Vireas Easpa Imdhíonachta Daonna (HIV)

YAK – Youth Action Kilmore

YPFSF – Young People's Facilities and Services Fund

AN CLÁR

Clár Ábhair	1
Tuairisc an Chathaoirligh	2
Athbhreithniú an Stiúrthóra	4
Tuairisc ar Ghradaim Shár-Éachtaí Oibríthe Deonacha	6
Tuairisc Oiliúna	8
Tuairisc Limistéir	10
Tuairisc Chláir	12
Tionscadail Chomhpháirtíochta CDYSB	14
Prionsabail Oibriúcháin	17
Foireann CDYSB	18
Ráitis Airgeadais	20

CDYSB

70 Bóthar Morehampton, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4.

Guthán: (01) 432 1100 Facs: (01) 668 3342

Rphost: ainm.sloinne@cdysb.cdvec.ie

Is é CDYSB an tSeirbhís Óige atá ag Coiste Gairmoideachais Chathair Baile Átha Cliath



Tuairisc an Chathaoirligh



Is cúis áthais dom filleadh mar Chathaoirleach ar CDYSB agus tuairisciú ar bhliain ghnóthach eile d'obair óige i gCathair Bhaile Átha Cliath. Tugann tuairisc an Stiúrthóra sonraí maidir le roinnt de na forbairtí suntasacha a ndeachaigh CDYSB ina mbun i 2004.

Fáiltítear roimh an maoiniú breise a tugadh isteach faoi Bhabhta 2 de Chiste Áiseanna agus Seirbhísí Óige (YPFSF). Tá YPFSF faoi stiúir na Roinne Gnóthai Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus tá an Roinn seo tar éis dhá thionscnamh thábhachtacha a ghlacadh uirthi féin i 2004. Ar dtús báire, rinneadh príomhshruthú ar thionscadail atá maoinithe faoi Bhabhta 1 agus tá siad anois faoin Rannóg Oibre Óige sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Beidh suntas fadtéarmach ag baint leis seo mar go mbeidh na tionscadail seo rialaithe ag na riachtanais tuairiscithe chéanna is atá tionscadail eile a fhaigheann maoiniú ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Sa dara cás, cuireadh maoiniú ar fáil do sholáthar foirne agus do chláir reatha sna hionaid óige nua ar fud na cathrach. Cinnteoidh sé seo go mbeidh coistí bainistíochta in ann díriú ar chláir agus seirbhísí a fhorbairt don aos óg agus ní bheidh orthu foirgnimh a rith ar bhonn féinmhaoinithe.

I mo thuairisc i 2003 léirigh mé nach mbeadh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ábalta dul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta um Obair Ógra 2001 gach infheistiú suntasach. Forbairt dhearfach i mí na Nollag 2004 a bhí ann nuair a d'éirigh leis an Aire Oibre Óige. Síle De Valera méadú 18% a fháil ar an gcionroinnt le haghaidh obair óige i 2005. Bhíothas ag súil go mbeifí in ann codanna den Phlean Forbartha Náisiúnta um Obair Óige a chur i bhfeidhm dá bharr. Ag am a fhoilsithe bhí fógartha ag an Aire go raibh ardú le teacht ar mhaoiniú d'eagraíochtaí agus do thionscadail, ardú ar cuireadh mórfháilte roimhe. Cibé scéal é, níor tugadh le tuiscint go mbeadh an tAonad Forbartha Oibre Óige tacaíthe ag an Aire, Aonad atá rithabhachtach don Phlean Forbartha Náisiúnta um Obair Óige. Chomh maith leis sin, níor tugadh le tuiscint go mbeadh na Coistí Gairmoideachais ag fáil maoiniú chun tús a chur le cur i bhfeidhm an Achta um Obair Ógra. Seo cúis inní mhór do CDYSB agus leanfaimid orainn ag úsáid ár n-ionadaíocht ar fhórait éagsúla chun a chinntiú go ndéantar maoiniú ar na réimsí tosaíochta áirithe seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as tacaíocht leanúnach Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath, agus mo bhuíochas go háirithe leis an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin. An tUasal Liam Arundel, a d'imigh ar scor i 2004 tar éis 24 bliain seirbhíse, as a thiomantas d'obair an CDYSB. Cuirim fíorchaoin fáilte, freisin, roimh cheapachán Jacinta Stewart Uasal mar an POF nua, agus táim ag tnúth go mór oibriú ina teannta sna blianta amach romhainn. Táim buíoch freisin, as an tacaíocht leanúnach a chuireann an tUasal Stephen Mc Carthy ar fáil, atá ina Oifigeach Oideachais agus a dhéanann idirchaidreamh leis an CDYSB.

Vincent Jackson

Cathaoirleach

Buíochas

Is mian leis an mBord buíochas a ghabháil leis an bPríomh-Oifigeach PJ Breen agus foireann na Rannóige Oibre Óige sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta as a dtacaíocht leanúnach. Lena chois sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Kathleen Stack agus le Jeanette Young, ón Roinn Gnóthai Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta as a dtacaíocht agus iad ag bainistiú agus ag cur i bhfeidhm an Chiste Áiseanna agus Seirbhísí don Óige.

Tá an Bord fíor-bhuíoch as an maoiniú a fhaighimid ó mhuintir na hÉireann tríd an gCrannchur Náisiúnta, tríd an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus tríd an gCiste Áiseanna agus Seirbhísí don Óige.

Liosta Chomhaltaí an Bhoird (go dtí Meitheamh 2004):

An Comhairleoir Vincent Jackson, Cathaoirleach, An Comhairleoir Dermot Lacey, Seanóir Maurice Ahern, An Comhairleoir Conor Sludds, Seanóir Michael Conaghan, An Comhairleoir Emer Costello, An tAthair Jim Caffrey, Mary Clarke Uasal, Mairead Mahon Uasal, Michael McPherson Uasal, Teresa Killeen Uasal agus Mary Mooney Uasal.

Liosta Chomhaltaí an Bhoird (ó mhí na Samhna 2004):

An Comhairleoir Vincent Jackson, (Cathaoirleach), An Comhairleoir Dermot Lacey, An Comhairleoir Maurice Ahern, Seanóir Michael Conaghan, An Comhairleoir Emer Costello, An tAthair Jim Caffrey, (CYC), Mary Clarke Uasal (IGG), Conor Sludds Uasal, (Ionadaí Pobail), Vicky Rattigan Uasal (Comhairle Náisiúnta na nÓg), Patrick Costello (Gasóga na hÉireann) agus Marian Dooley Uasal (ainmnitheach foirne).

I láthair i 2004:

An tUasal David Treacy, Stiúrthóir, Anne Meehan Uasal, Stiúrthóir Cúnta, An tUasal Stephen Mc Carthy, Oifigeach Oideachais, Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath, Camille Whyte Uasal, Rúnaí an Bhoird.



Athbhreithniú an Stiúrthóra



Fearaim fíorchaoin fáilte roimh chách chuig Athbhreithniú Bliantúil 2004. Cuireann sé áthas orm Athbhreithniú Bliantúil le leagan amach nua a chur faoi bhur mbráid, agus rinneamar iarracht é a chur i láthair ar bhealach atá soléite agus a léiríonn trasréimse na hoibre a bhí ar bun ag CDYSB agus an leibhéal oibre óige a chuirtear ar fáil i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Bliain thar a bheith gnóthach a bhí ann arís dár ngrúpaí foirne. De bharr cur i bhfeidhm Bhabhta 2 den Chiste Áiseanna agus Seirbhísí don Óige (YPFSF) fairsingíodh na seirbhísí oibre óige timpeall na Cathrach agus bhí baint ag gach grúpa foirne leis an tacaíocht a tugadh don obair seo. Cuirtear i láthair mar chairt achoimre, níos déanaí san athbhreithniú seo, an leibhéal foriomlán maoinithe agus an tionchar a bhí aige sin.

Cuireadh maoiniú ar fáil faoi Bhabhta 2 den YPFSF chomh maith do sholáthar foirne agus do chostais chláir do na hionaid óige a tógadh go sainchuspórtha i mBabhta 1. Ar na hionaid sin tá ionaid i bhFionnghlas, sa Chabhrach, i gCromghlinn, i mBaile Munna, i nDomhnach Cearna, i dtuaisceart na hionchathrach, agus in Ascaill Dhún Uabhair. Bunaíodh boird bhainistíochta nua, earcaíodh foireann nua agus cuireadh cláir agus cleachtais oibre nua i bhfeidhm chun a chur ar chumas na n-ionad seo a ndoirse a oscailt.

Bhí lámh ag an bhFoireann Limistéir in dhá fhorbairt thábhachtacha eile i 2004. Forbraíodh an tSeirbhís Óige SWAN nuair a comhnascadh dhá thionscadal a bhí i dtuaisceart na hionchathrach, St Agatha's agus An Port Thuaidh. Bunaíodh Ionad Acmhainní Óige Fhionnghlaise, a tógadh go sainchuspórtha, agus osclaíodh é i 2004. Bhí comhchomhairle shuntasach leis an bpobal i gceist leis an dá fhorbairt seo agus ina dhiaidh sin bunaíodh agus oileadh Boird nua agus bunaíodh eintitis dhlíthiúla chomh maith. D'oibrigh na boird nua go dian d'fhonn cláir agus seirbhísí a chur ar bun agus grúpaí foirne láidre a earcú. Ceapadh Bainisteoir Seirbhísí Óige ar an dá thionscnamh, grád nua a thug an CDYSB isteach. Caithfeadh tiomantas na n-oibríthe deonacha áitiúla a mholadh sa bhealach ina ndeachadar' i mbun na bhfreagrachtaí a bhí i gceist leis na tionscadail agus na hionaid seo a bhainistiú agus a rith.

Thuairisc mé, in Athbhreithniú Bliantúil 2003, ar an tionscnamh tábhachtach idir CDYSB agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan a raibh BA (Onór.) san Obair Óige mar thoradh air. Ceapadh cúrsa spreagúil ceithre bliana le sainmheon a thacaíonn go mór le hoibríthe óige, daoine nár chríochnaigh oideachas foirmíúil tríú leibhéal b'fhéidir agus ar mhian leo filleadh ar an staidéar. Ceapadh an cúrsa in dhá chuid, agus bronntar Ard-Teastas ar na rannpháirtithe a chuireann an dá bhliain i gcrích go sásúil. I ndiaidh dhá bhliain eile is féidir leo BA (Onór.) a bhaint amach san Obair Óige. Rinne Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC) faomhadh ar an gcúrsa. D'éirigh go hiontach leis an earcú, mar ar ghlac 24 ball foirne lánaimseartha ó gach cuid den chathair páirt i gcéad bhliain an chúrsa. Táthar ag súil go ndéanfar formhuiniú gairmiúil ar an gcúrsa ag an bhforas nuabhunaithe 'All Ireland Professional Endorsement Body' faoi cheadúnas ag Gníomhaireacht Óige Náisiúnta na Ríochta Aontaithe i 2005.

Comhpháirtíocht thábhachtach eile atá ag dul i neart ná réimse Ealaíon Óige idir an Chomhairle Cathrach, Ionad Ealaíon na Cathrach agus CDYSB. Tá clár oibre forbartha aontaithe agus comh-mhaoinithe ina ndéantar forbairt ar Ghréasán Ealaíon Óige, Ealaíontóirí Cónaitheacha i dtionscadail, Féile Scannánaíochta agus roinnt cúrsaí oiliúna gach bliain.

Bionn oibríthe deonacha fós ag bainistiú agus ag soláthar leibhéal suntasach den obair óige ar fud na cathrach le hos cionn 70 coiste bainistíochta agus 350 grúpa cláraithe bainteach leis an obair. Ceann de na bealaí ina dtugtar aitheantas agus ina ndéantar ceiliúradh ar dhíograis, ar fhuinneamh agus ar thiomantas na n-oibríthe óige deonacha ar fud na cathrach ná trí mheán na nGradam Sárachtaí. Cuirimid an deis ar fáil gach bliain chun gur féidir le fiche grúpa gradam a bhronnadh ar a gcomhghleacaithe dá sár-chion ar son na hoibre óige. I mbliana fuair 20 oibrí óige deonach ó gach cuid den chathair, a bhí mar ionadaithe ó thionscadail, ó chlubanna agus ó ghrúpaí faoi éide, a ngradaim i bhfianaise a gcomhghleacaithe ag dinnéar sár-thaitneamhach. Bhronn an tArd-



Mhéara, An tUasal Michael Conaghan, na gradaim agus mhol sé na hoibrithe óige deonacha agus a dteaghlaigh as a bhflaithiúlacht agus iad ag cur deiseanna áineasa agus forbartha ar fáil d'aos óg na cathrach.

Faoi dheireadh 2004 bhí foireann iomlán i mbun poist sna seacht dtionscadal óige chomhpháirtíochta / seirbhísí a ndéanann DCYSB agus grúpaí pobail áitiúla bainistiú orthu agus bhí cláir iomlána ag feidhmiú. Aontaíonn coiste comhairleach ar bhuiséad agus ar chlár do sheachadadh seirbhísí oibre óige agus is foireann CDYSB a fheidhmíonn an tseirbhís.

Forbairt shuntasach sna tionscadail chomhpháirtíochta ab ea an comhtháthú a rinneadh ar obair Thionscadal Forbartha Óige Fhionnghlaise atá anois mar chuid d'Ionad Acmhainní Óige Fhionnghlaise agus an t-aistriú ar an obair agus ar na hacmhainní chuig an tionscnamh oibre óige nua seo. Aistríodh an fhoireann a bhí i gceist chuig folúntais sna seacht dtionscadal/seirbhísí eile.

Mar thoradh ar thoghcháin áitiúla 2004 ceapadh bord nua ar CDYSB ag an gcoiste nuacheaptha ar Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh na baill nua agus roimh na hiarrbhaill atá ag filleadh. Is mian liom buíochas a ghabháil leis na baill atá ag éirí as, as ucht a ndíograis le cúig bliana anuas, go háirithe Teresa Kileen Uasal, atá ina hoibrí deonach i gClub Fhoróige i nGlas Naíon agus atá tar éis cion luachmhar agus suntasach a dhéanamh, san aon bhliain déag atá caite aici ag obair le CDYSB, ar son obair óige ar fud na cathrach.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na mílte oibrí deonach agus 250 ball foirne a chuireann cláir oibre agus seirbhísí óige ar fáil do gach pobal sa chathair. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le foireann CDYSB as a ngairmiúlacht gan stad gan staonadh agus as a dtiomantas d'fhorbairt na hoibre óige i gCathair Bhaile Átha Cliath.

David Treacy.

Stiúrthóir

Deis aitheantas a thabhairt do shár-éagsúlacht agus do shár-thiomantas oibrithe deonacha ar fud na cathrach a chinntíonn go leanar leis na seirbhísí oibre óige fuinniúla.

Bronnadh gradam orthu seo a leanas:

Betty Barry, Seirbhísí Óige na Dothra Teo, B.Á.C. 4. Ruth Campbell ó Theach Michael Mallin, B.Á.C. 8. Fiona Connolly, Aonad Bhaile Gall Order of Malta Ambulance Corps, B.Á.C. 11. Yvonne Donlan, 127ú Grúpa Gasóga, B.Á.C. 9. Geraldine Duffy, Tionscadal Óige an Bhaile Bhoicht B.Á.C. 3. Declan Gahan, Seirbhís Óige SWAN, B.Á.C. 1. Donagh Geoghegan, Club Óige The Three Patrons, B.Á.C. 6. Isobel Henderson, 6ú Complacht Girls Brigade, Ráth Maonais, B.Á.C. 6. Jacinta Higgins, Club Óige St Monica's, B.Á.C. 5. Gavin Hoey, Banna Máirseála All Stars Bhaile Átha Cliath, B.Á.C. 13. Patrick Hollingsworth, 66ú Grúpa Gasóga Naomh Eoin, Cluain Tarbh, B.Á.C. 3. Marie, Grúpa Óige Oliver Bond, B.Á.C. 8. Una McCabe, Tionscadal Óige Chill Bharróg Teo., B.Á.C.5. Catherine McMahon, Grúpa Óige Ghlas Naíon, B.Á.C. 9. Yvonne O'Callaghan, Little Devils Group, B.Á.C. 2. Breda O'Hara, Cumann Áitritheoirí Tenters, B.Á.C. 8. Marie O'Reilly, Grúpa Forbartha an Phoirt Thoir/ an Phoirt Thuaidh, B.Á.C. 3. Danny Pender, Acmhainn Pobail MAYS MACRO. Leo Waldron, Tionscadal Óige an Chloigín Ghoirm, B.Á.C. 12. Maurice Woods, 18ú Grúpa Gasóga Sheantrabh Bhaile Átha Cliath, B.Á.C. 9



Gradaim Shár-Éachtaí CDYSB d'Obair Óige Dheonach 2004

Tá bonn seasta faoi Ghradaim Shár-Éachtaí d'Obair Óige Dheonach mar dheis aitheantas a thabhairt don éagsúlacht agus do thiomantas na n-oibrithe deonacha ar fud na cathrach a chinntíonn go leantar le seirbhísí óige áitiúla fuinniúla.

D'ainmnigh a gcomhghleacaithe fiche oibrí deonach, ionadaithe ó gach saghas oibre deonáí ar fud na cathrach - gasóga, banógláigh, clubanna óige, tionscadail samhraidh, as a dtiomantas eisceachtúil agus as a gcion ar son obair óige.

Sular bhronn sé na gradaim, mhol an tArd-Mhéara, An tUasal Michael Conaghan, gach oibrí óige deonach agus a dteaghláigh as a bhflaithiúlacht gan stad gan staonadh agus iad ag soláthar deiseanna áineasa agus forbartha d'aos óg Bhaile Átha Cliath.

Rinneadh bronnadh nach rabhtas ag súil leis ar Teresa Killeen Uasal a d'éirigh as mar bhall de Bhord CDYSB tar éis 11 bliain de sheirbhís dhílis.



Tuairisc Oiliúna



I 2004 rinne CDYSB clár oiliúna d'oibrithe óige a réachtáil, a gcuirtear síos air thíos, agus bhain oibrithe óige ar fud na cathrach fónamh as. Chomh maith leis sin, leanamar orainn ag cur coistí bainistíochta le seirbhíse tacaíochta agus oiliúna ar fáil ónár bpainéal Comhairleoirí Forbartha.

Ceann de na tionscnaimh is spreagúla i 2004, maidir le hoiliúint, ná go raibh glactha le 24 oibrí óige ó gach cuid den chathair faoi mhí na Samhna ar an gcúrsa nua ceithre bliana a réachtálfar i gColáiste Larkin i dtreo BA (Onór.) san Obair Óige a bhronnfaidh Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. (DkIT).

Ard-Teastas i Staidéir Óige, i dtreo BA (Onór.) san Obair Óige.

I Márta 2004 bhuail ionadaithe ón CDYSB agus ó Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan le painéal a roghnaíodh go speisialta agus a cuireadh ar bun ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (HETAC). An cuspóir a bhí leis an gcruinniú ná mionscrúdú sonrach a dhéanamh 'ar an aighneacht a rinne CDYSB agus DkIT maidir le cúrsa ceithre bliana i dtreo Ard-Teastas agus BA (Onór.) san Obair Óige. D'fháiltigh an painéal roimh an gcúrsa ag rá go raibh sé mar fhorbairt shuntasach in earnáil na hoibre óige. Tar éis cur is cúiteamh fada faoi chuspóir, ábhar agus modheolaíocht an chúrsa rinne an painéal an cúrsa a fhaomhadh agus mhol sé go ndéanfadh HETAC bailí é. Ach ní go dtí gur shroich an bhailíocht fhoirmiúil i scríbhinn don chúrsa go déanach i mí Aibreáin go bhféadfaí an próiseas margaíochta agus earcaíochta don chúrsa a chur sa tsíúl.

Aontaíodh nach mbeadh sé indéanta an cúrsa a thosú i Meán Fómhair '04 agus dá bhrí sin aontaíodh Eanáir '05 mar dháta tosaigh. Caitheadh an chuid eile den bhliain ag ceapadh tionscnaimh don bhliain; ag earcú Bainisteoir Clár, ag earcú foirne agus ar deireadh ag cur agallamh agus ag roghnú rannpháirtithe don chúrsa. Faoi dheireadh mhí na Samhna 2004 bhí an fhoireann ar fad i mbun oibre agus bhí 24 mac léinn roghnaithe le tús a chur lena gcuid staidéir i mí Eanáir '05.

Fad is atá buíochas ag dul don iliomad daoine as an méid atá déanta maidir leis an gcúrsa go dtí seo, tá focal buíochais ar leith ag dul do na coistí bainistíochta, a spreag baill foirne cur isteach ar an gcúrsa. Bhí fíor-thábhacht ag baint leis an tacaíocht a thairg na coistí bainistíochta dóibh siúd a bheartaigh dul i mbun staidéir, maidir le ham agus/nó maoiniú. Caithfear aitheantas a thabhairt freisin don ról ríachtanach atá ag páirtneirí agus ag baill chlainne a chuireann tacaíocht mhóthúnach agus ardú meanma ar fáil. Cé go bhfuiltear ag súil go rachaidh an cúrsa chun sochair na ndaoine go léir atá thuasluaite, an mhór-aidhm atá ag an gcúrsa ná, mar a dúirt ball amháin den choiste bainistíochta, "Má oibríonn sé, cuirfidh sé feabhas ar an tseirbhís a thairiscimid do dhaoine óga. Ar deireadh thiar baineann sé leis an aos óg".



Oiliúint ar Oibrithe Óige

Seo a leanas an clár don oiliúint oibre óige a tharla i 2004

Oiliúint Oibrithe Óige	Tréimhse	Líon i láthair
Teagmhálacha Dúshlánacha	2 lá	14
Céadchabhair ceirde	3 lá	8
Forbairt Cláir	2 lá	8
Oiliúint um Chosaint Leanáí	2 lá	21
Sláinte Gnéis	2 lá	18
Oiliúint Ionduchtaithe	2 lá	8
Ceardlann um Chosaint Leanáí	2 lá	14
Clár 'Alternatives to Violence'	2 lá	14
Feasacht faoi SEIF agus VEID	lá amháin	12
Foghlaim faoi Bhainistíocht	5 lá	9
Obair For-rochtana le Daoine Óga	2 lá	20
Oiliúint Fhrith-Chiníochais	2 lá	8

Bhain foireann fónamh as seimineáir cleachtaidh trí leath-lae a réachtáladh san oifig ar Bhóthar Morehampton.

Seimineáir Cleachtaidh

Féinmharú agus para-fhéinmharú (Aos Óg)	Leath-lá	15
Feasacht faoi VEID agus SEIF	Leath-lá	25
Homaíóibe agus Heitrighnéasachas	Leath-lá	17

Tacaíocht Coiste Bainistíochta agus Clár Meantóireachta

Cothaíonn CDYSB painéal Comhairleoirí Forbartha atá ar fáil chun tacú le Coistí Bainistíochta d'fhonn forbairt a dhéanamh ar a dtionscnaimh agus ar a gcláir don aos óg.

Seo a leanas na tacaí ar baineadh fónamh astu i 2004.

Clár Thacaíochta	Líon Tionscadal
Meantóireacht /oiliúint do Choistí Bainistíochta	16
Maoirseacht Sheachtrach	9
Seirbhísí Tacaíochta d'Obair Óige	6
Seirbhísí Tacaíochta Forbartha	7
Obair Tacaíochta Comhghleacaithe	10

Tuairisc Limistéir



Mar thoradh ar chur i bhfeidhm ar Bhabhta 2 den 'Chiste Áiseanna agus Seirbhísí don Óige (YPFSE) i 2004 rinneadh forbairt nach beag ar sheirbhísí nua don aos óg ar fud na cathrach.

I measc pobail áirithe, is é a bhí i gceist ná comhdhlúthú ar thionscadail agus ar sheirbhísí a bhí ann cheana féin trí phoist a mhaoiniú, agus i gcásanna eile cuireadh tionscadail nó seirbhísí nua ar bun i measc pobail nach raibh a leithéid ar fáil iontu roimhe sin. Dá bharr sin, chuidigh an Fhoireann Limistéir le coistí bainistíochta deonacha áitiúla tiontú ina n-eintitis dhlíthiúla, chuidigh an Fhoireann leo pleananna a chur ar bun, dul i mbun oiliúna agus foireann a roghnú agus a earcú. Ghlac an CDYSB le cinneadh freisin, maidir le saincheistanna ar tugadh suntas dóibh i bhforbairtí a rinneadh cheana, gur chóir bunriachtanais iontrála d'fhoireann oibre óige a chur i bhfeidhm agus tugadh isteach an bunriachtanas iontrála seo i Meán Fómhair 2004.

Thacaigh Babhta 2 le maoiniú ar ghrúpaí foirne agus ar chostais reatha do roinnt mhaith de na háiseanna a maoiníodh faoi Bhabhta 1 den YPFSE, agus bhí ról ríthábhachtach ag an bhFoireann Limistéir ag éascú na forbartha seo. Seo an chéad uair a tógadh áiseanna sainchuspórtha i roinnt mhaith pobal. Cuirfidh sé seo ar a gcumas réimse níos leithne gníomhaíochtaí agus seirbhísí a thairiscint don spriocgrúpa. Bíonn méid suntasach ama i gceist le pleanáil agus le bainistiú ar fheidhmiú laethúil na n-áiseanna seo, agus ba mhaith le CDYSB agus leis an bhFoireann Limistéir aitheantas ar leith a thabhairt don am agus do thiomantas na gcoistí bainistíochta deonacha ar fud na cathrach.

Seo a leanas samplaí d'fhorbairtí a tharla in dhá phobal le linn 2004.

Cás-Staidéar: Ionad Acmhainní Óige Fhionnghlaise

Cuireadh i gcrích Ionad Acmhainní Óige Fhionnghlaise i mí Eanáir 2004 agus bunaíodh cuideachta theoranta chun an t-ionad a bhainistiú agus chun réimse seirbhísí a sholáthar don aos óg i gceantar Fhionnghlaise. I mí Márta 2004 rinneadh cionroinnt, faoi bhabhta a 2 den YPFSE, i dtreo costais foirne oibre óige agus costais reatha agus cláir. D'aistrigh CDYSB bainistíocht agus seachadadh an chláir ar Thionscadal Forbartha Óige Fhionnghlaise go Bord Bainistíochta nua i Meán Fómhair 2004.

D'aontaigh an Bord sonraíocht seachadta seirbhíse le CDYSB agus thosaigh ag earcú foirne i mí Iúil 2004. Tá foireann cháilithe fostaithe leis an tionscadal óige ar a bhfuil Bainisteoir Seirbhísí Óige, Ceannaire Tionscadail amháin, riarthóir, seacht bpost Oibrí Óige lánaimsire agus post amháin Oibrí Óige leathaimsire, cé nach bhfuil na poist go léir líonta faoi láthair. Is de bharr obair an bhainisteora agus na foirne agus de bharr thiomantas an Bhoird gur éirigh chomh maith leis an tionscadal go dtí seo. Tá forbairt tagtha ar an mbord nua agus ar nósanna imeachta feidhmithe don ionad.

Faoi láthair oibríonn an t-ionad le 30 grúpa, feidhmíonn sé clár 6 lá agus tá sé ar oscailt go dtí a 10iarnóin cúig oíche sa tseachtain. Tá sé i gceist síneadh a chur leis na huaireanta oscailte agus seirbhís a chur ar fáil seacht lá sa tseachtain faoi Mheán Fómhair 2005. Tairgeann an tionscadal réimse clár áineasa, oideachasúla agus forbartha trí theaglam de chláir ionad-bhunaithe, for-rochtain, obair shráide agus tacaíocht indibhidiúil. Bíonn roinnt mhaith ionad 'buail isteach' ar siúl gach seachtain, ar a mbíonn tinreamh maith. I 2005 tá sé i gceist leis an tionscadal roinnt áiseanna saillite a chur ar fáil i gceantar Fhionnghlaise, a chuirfidh ar a chumas a sheirbhís a fhairsingiú agus a fhorbairt níos mó agus an méid rochtana agus is féidir a chur ar fáil d'aos óg an cheantair.

Cás-Staidéar: Seirbhís Óige SWAN

Le linn 2003, rinneadh comhnascadh ar dhá thionscadal óige i dtuaisceart na hionchathrach, St Agatha's agus an Port Thuaidh, faoin ainm Seirbhís Óige SWAN. Feidhmíonn Seirbhís Óige SWAN laistigh de cheantar lena n-áirítear an Port Thuaidh, Sráid an tSirriam agus an ceantar mórthimpeall ar Pharóiste St Agatha's sa Trá Thuaidh.

Limistéar	Líon grúpaí cláraithe	Líon thionscadal & Seirbhísí Óige	Líon Foirme maoinithe	Leibhéal maoinithe	Forbairtí Nua
B.Á.C. 1	32	11	16	€810,597	Seirbhís Óige Swan a Fhorbairt agus a bhunú.
B.Á.C. 2	24	8	41	€470,873	Meastóireacht ar Thionscadal Óige Charlemont. Bainistíocht Eatramhach ar WAYS ag CDYSB
B.Á.C. 3	19	2	5	€251,060	Forbairt leanúnach ar sheirbhísí seanbhunaithe.
B.Á.C. 4	6	1	5	€152,249	Forbairt leanúnach ar sheirbhísí seanbhunaithe.
B.Á.C. 5	22	4	7	€351,402	Ionad Óige agus Pobail Dhomhnach Cearna. Fairsingiú ar Sheirbhísí Óige
B.Á.C. 6 & 6W	12			€28,226	Forbairt leanúnach ar Ráth Maonais mar Réamh-Thionscadal.
B.Á.C. 7	18	7	15	€517,826	Forbairt agus bunú ar Sheirbhís Óige Bhradóg. Fairsingiú ar Sheirbhísí Óige sa Chabrach agus i mBóthar na gCloch .
B.Á.C. 8	60	8	27.5	€2,349,965	Forbairt ar Ionad Óige nua in Ascaill Dhún Uabhair Forbairt leanúnach ar Chlubtheach Ríomhaireachta.
B.Á.C. 10	28	8	19	€1,036,804	Forbairt ar Ionad Spóirt Conláistí Limistéir Canála faoi bhainistíocht Sheirbhís Óige Bhaile Formaid. Forbairt ar Ionad Óige URBAN – BASE.
B.Á.C. 9 & 11	55	16	45	€2,589,148	Fairsingiú ar sheirbhísí agus bunú ar ionaid Óige nua i mBaile Munna agus i bhFionnghlas.
B.Á.C. 12	34	8	34	€822,525	Ionad agus Seirbhísí Óige nua i gCromhghlinn Íochtar.
B.Á.C. 13	6			€110,590	Forbairt leanúnach ar sheirbhísí seanbhunaithe.
B.Á.C. 17	1	9	16	€733,535	Forbairt ar Sheirbhísí Óige Réigiúnacha i mB.Á.C. 17. Dearadh ar Ionad Óige Darndale.
B.Á.C. 20	8			€5,885	Forbairt leanúnach ar sheirbhísí seanbhunaithe
Ilghnéitheach lena n-áirítear Seirbhísí Tacaíochta	2	1	11	€389,373	Forbairt leanúnach ar sheirbhísí tacaíochta
Iomlán	327	85	241		

Cuirtear an príomh-mhaoiniú don tseirbhís ar fáil faoi bhabhta a haon den YPFSF le hacmhainní breise cionroinnte faoi bhabhta a dó. D'oibrigh bainistíocht SWAN go han-dian le bliain anuas ar bhunú na seirbhíse agus ar chomhtháthú na hoibre a bhíonn ar bun ag St Agatha's agus sa Phort Thuaidh araon, mar sheirbhís amháin a dhéanann iarracht freastal ar an aos óg sa cheantar. D'éirigh leo foireann iomlán a earcú atá lán d'inspreagadh agus d'inniúlacht. I ndiaidh babhta deireanach earcaíochta a tharla i mí na Samhna, tá an tseirbhís ag méadú agus ag forbairt a clár gníomhaíochtaí a chuirfead ar fáil chun sochair an aosa óig sa toadhchá. Lena chois sin, tá an tseirbhís tar éis seirbhís for-rochtana/oibre sráide a fhorbairt d'fhonn nasc a chruthú le haos óg an cheantair. Feidhmíonn an tseirbhís as Ionad St Agatha's, ag baint lán-úsáide as an áitreabh a nua-chóiríodh le déanaí, mar aon leis an áitreabh i gceantar an Phoirt Thuaidh.

Tuairisc Chláir



Ceann de na bealaí ina dtacaíonn CDYSB le forbairt ar chláir oibre óige ná trí phainéal múinteoirí páirtaimseartha a sholáthar atá ar fáil do chlubanna agus do ghrúpaí chun ealaín, ceardaíocht, drámaíocht, snámh, rince, grianghrafadóireacht, ceol, ríomhaireacht agus litearthacht a mhúineadh, mar aon le réimse ábhar eile mar a iarrtar iad.

Tacaíocht Cláir

I 2004, cuireadh seachtó ceathair rang ar fáil do ghrúpaí cláraithe ar fud na cathrach. Seo a leanas próifil dhá cheann de na ranganna sin.

Club Óige Ghleann Beag

Freastalaíonn os cionn fiche ball ó Ghleann Beag ar rang ealaíon meastha agus scileanna saoil praiticiúla gach seachtain. Ar na hábhair a ndearna na baill staidéar orthu bhí bia, faisean, ealaín agus ceardaíocht as gach cearn den domhan. D'fhoghlaimíodar conas cócaireacht agus raidhse mias tarraingteach agus cothaitheach a chur ar fáil. I mbliana d'fhreastail siad ar a dteaghlaigh ag an gclub, chuireadar cóir bia ar fáil don champa deireadh seachtaine, agus reáchtáladar BBQ samhraidh. Choinnigh na baill nótaí de na hoidis, mar aon leis na noda riachtanacha a fuair siad maidir le hullmhú agus le críochnú snasta chun gur féidir leo a bhfuil foghlamtha acu de rún na cócaireachta a roinnt lena dteaghlaigh agus lena gcairde.

Ghlac an grúpa páirt san imeacht Maytrix, mar ar chuireadar réimse leathan dá n-obair ealaíne ar taispeáint – péintéireachtaí, portráidí, saothair cheardaíochta bheaga agus leabhair lámhdhéanta ar bhreathnaigh na rannpháirtithe óga eile orthu le haoibhneas...

Chomh maith leis sin déanann an grúpa drámaíocht agus léiriú fistéipe agus d'ullmhaíodar cluichí agus smaointe do bhaill shinsearach a bhfuil lámh acu i dtionscadal sóisialta i Meicsiceo.

Rang Ealaíne St Monica's

Bhí ealaín mar ghné thábhachtach i gcónaí riamh de chlár St Monica's.

Chuir teacht an mhúinteora ealaíne nua diminsean eile leis an traidisiún ealaíne láidir a bhí sa chlub cheana féin. Le linn 2004 bhí dhá rang ealaíne sa tseachtain ag an gclub ag freastal ar os cionn 40 ball idir 8 agus 15 bliain d'aois.

Bhí an deis ag na baill staidéar a dhéanamh ar réimse leathan foirmeacha ealaíne ar nós criadóireacht, potadóireacht, mósáic, múrmhaisiú chomh maith le péintéireacht, líníocht agus saothair cheardaíochta bheaga. Chuireadar i gcrích tionscadal spreagúil mar ghrúpa ina ndearnadar baile a dhearadh, ar chomhthoise le Ráth Eanaigh, le tithe tógtha as cairtchlár. Mar chuid de thionscadal mósáice ag rang sinsearach bheartaíodar ar théama, dhearadar na líníochtaí, rianaíodar cóip den bhunlíníocht ar bhonn adhmaid sular chuireadar na mósáicí in áit agus an saothar a chríochnú agus é a chur ar taispeáint mar shaothar críochnaithe i log staighre an chlub. Chomhoibrigh an grúpa seo lena chéile leis an tionscadal spleodrach seo a shamhlú, a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Chomh maith lena scileanna ealaíne indibhidiúla a fhairsingiú fuair baill an ghrúpa seo amach gur féidir ábhair iontais a chruthú ach a mbuanna cruthaitheacha agus praiticiúla a chur le chéile.

Clár Ealaíon 2004

Lean CDYSB le cur i bhfeidhm agus le forbairt ar a pholasáí ealaíne i 2004.

Ar na príomhréimsí oibre ag oifigigh ealaíon CDYSB bhí –

- forbairt ar ghréasán d'oibríthe ealaíon óige
- ceiliúradh nuálaíoch ar obair ealaíon i ngrúpaí cláraithe – an MAYTRIX

- forbairt ar scéim oiliúna agus malartaithe do mhúinteoirí páirtaimseartha
- scéimeanna cónaitheacha,
- comhpháirtíocht le hOifig Ealaíon Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Ionad Ealaíon na Cathrach
- Pleanáil agus ionchur i gcúrsa oibre Óige CDYSB/DkIT

Gréasán Ealaíon Óige

Rinne an tOifigeach Ealaíon, i gcomhar le hoibrithe Óige, clár ilchineálach a phleanáil ina raibh idir sheisiúin oiliúna is réamhoiliúna. Cuireadh an bhéim i mbliana ar oiliúint mar gur chuir na hoibrithe óige in iúl gurbh fhearr leo go dtabharfaí tús áite do ghrinnfhorbairt ar scileanna ealaíon a d'fhéadfaí a úsáid ar chlár a dtionscadail óige. Mar leanúint ar an gcúrsa oiliúna fistéipe, a cuireadh i gcrích i 2003, reáchtáladh cúrsa in eagarthóireacht agus i ngrianghrafadóireacht dhigiteach i 2004.

Scéimeanna Cónaitheacha

Reáchtáladh scéimeanna ealaíontóirí cónaitheacha i dTionscadal Óige na Coille Móire Thiar (drámaíocht) agus MOST (fistéip) agus Aosog (fise/teicniúil). D'oibrigh na healaíontóirí, na hoibrithe óige agus na daoine óga lena chéile ar bhealach nuálaíoch agus comhoibritheach, rud a shaibhrigh gach éinne a bhí páirteach ann.

